# Maidin Fhómhair

Maidin fhómhair ar mo thriall go Feochaill,
cé chas sa ród orm ach stór mo chroí,
Bhí dhá ghrua aici mar rós an gharraí,
is ba bhinne a glór ná ceol na sí.
Leag mé mo lámh ar a brollach rógheal,
is d'iarr mé póigín ar stór mo chroí.
'Sé dúirt sí 'stop is ná stróic mo chlóca,
níl fios mo nóisin ag fear ar bith'.

Bhí mé oíche taobh istigh d'Fhéil' Bhríde,
is mé sínte síos le stór mo chroí,
Le geallaí breagach is le mionnaí móra
siar sa ród gur sheol me liom í.
Is cailín óg mé de chlann Uí Néill,
agus fuair mé comhairle gan a bheith i do luí,
Chuirfeá 'un a' bhaile mé gan fiú mo phósta
is nach bhfaighinn tigh mór ar bheagán cíos.

Ach seo mo lámh duit nach bhfuil mé pósta,
buachaill óg mé 'thug gean do mhnaoi,
Agus má thig tú liom ar mo thriall go Feochaill
go bhfaighidh tú omóid mar gheobhadh bean tí.
Chuirfinn high crown cap ort den fhaisiún ghallda,
háta, clóca is fáinne buí,
Siléar foscailte lán fíon' agus pórtair,
agus do bhuachaill óg 'gabháil leat a luí.

Lean a máthair 'na déidh sa ród í,
gan a snáithe bróg uirthi 's gruaig le gaoith,
Bhí an t-airgead pósta léi 'na póca
agus go tigh an óil 'sea sheol mé í.
Bhí piúint agus braindí a' gabháil thart im' thimpeall,
mar olann Samhna a' gabháil thart fán bhord,
Nuair a chorraigh an dream chuaigh an chailleach a'damhsa,
agus i gcorrach Leamhchoill do chaill sí bróg.

Le tacaíocht ó

the arts council an chomhairle ealaíon ostú na healaíona traidisiúnta artscouncil.ie

An Góilín

Ó rinneadh leaba(aidh) ar hallaí bána
le haghaidh mo théagar agus mise luí,
Bhuail me an bocsa orthu aos agus óg
agus cha dtéim go Feochaill nó go Droim a' Tí.
Thug mé liom í go bruach na Bóinne
is thug mé móide go bpósfainn í,
Thug mé féirín di mar gheall le hór buí
agus bhuail mé an bóthar le mo stór san oíche.

*Bláithín Mhic Cana a rinne an cheardlann seo.*

Le tacaíocht ó
the arts council an chomhairle ealaíon
ciste na healaíona traidisiúnta
artscouncil.ie
An Góilín